Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh:

Beartas agus Straitéis maidir leis na hEalaíona Idirnáisiúnta

the arts council an chomhairle ealaíon

Cur Síos Ginearálta agus Comhthéacs

Ina straitéis deich mbliana *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, leagann an Chomhairle Ealaíon amach a tiomantas chun an luach a bhaineann le cleachtas idirnáisiúnta a aithint agus tacaíocht a thabhairt do na daoine a bhíonn ag tabhairt faoi na deiseanna sin. Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go n-oibríonn go leor ealaíontóirí agus eagraíochtaí i gcomhthéacs idirnáisiúnta – ag forbairt cleachtas ealaíne thar lear; ag tosú agus ag cruthú tionscadal le comhpháirtithe idirnáisiúnta; ag cur saothar críochnaithe i láthair ar stáitse idirnáisiúnta. Tá meas ar thionscnaimh mar sin agus spreagtar iad mar go dtéann siad chun leas forbairt cleachtais, cumais agus freastail. Tá an Chomhairle Ealaíon dírithe go príomha ar fhorbairt ealaíontóirí, cleachtas ealaíne agus cruthú tionscadal le gné idirnáisiúnta, seachas ar shaothar a chur i láthair thar lear. Ach, aithníonn sí gur féidir leis an idirdhealú idir 'forbairt' agus 'cur i láthair' a bheith saoráideach agus go bhfuil sé bunaithe ar riachtanais áirithe ealaíontóirí agus foirmeacha ealaíne.

Faoi láthair, éascaíonn an Chomhairle Ealaíon cleachtas idirnáisiúnta trí thacaíocht dhíreach d'ealaíontóirí, amhail an Dámhachtain Taistil & Oiliúna, agus trí chómhaoiniú a chur ar fáil d'ionadaíocht na hÉireann ag Biennale na Veinéise. Cothaíonn sí freisin an cleachtas idirnáisiúnta trí mhaoiniú deontais d'eagraíochtaí a bhfuil gné idirnáisiúnta lena gcuid oibre (e.g. trí rannpháirtíocht i líonraí agus cláir oiliúna, scéimeanna cónaitheachta agus cláir malairte ealaíontóirí, agus tionscadail agus comhpháirtíochtaí comhoibritheacha). Oibríonn an Chomhairle Ealaíon Deasc na hEorpa Cruthaithí agus cuireann sí Dámhachtain Cómhaoinithe ar fáil do thionscadail na hEorpa Cruthaithí a n-éiríonn leo. Cómhaoiníonn sí freisin Scéim Beyond Borders (coimisiúnú ceoil agus camchuairt); Comhaltacht Jerome Hynes (Clár Ceannaireachta Clore); agus bíonn gné shuntasach idirnáisiúnta ag na tionscnaimh Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach agus Laureate na nÓg.

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go bhfuil saothar idirnáisiúnta a chur i láthair lucht féachana in Éirinn ina chuid den chleachtas ealaíon idirnáisiúnta. Trína Maoiniú Straitéiseach agus Maoiniú Deontais do na hEalaíona d'eagraíochtaí, cuireann sí níos mó deiseanna ar fáil don phobal le leas criticiúil a bhaint as na healaíona idirnáisiúnta, i ngach foirm ealaíne agus cleachtas ealaíne, in ionaid tionóil, ag féilte agus ag imeachtaí ar fud na tíre.

Tá an Chomhairle Ealaíon ar cheann den líon beag gníomhaireachtaí a bhfuil suim aici i réimse na n-ealaíon idirnáisiúnta. Aithnítear an gá atá le teagmháil agus comhoibriú le páirtithe leasmhara eile agus chun soiléireacht a sholáthar d'earnáil na n-ealaíon maidir le sainchúram agus ról na Comhairle Ealaíon sa réimse seo.

Anuas air sin, de réir mar a éiríonn cleachtas ealaíon sa réimse idirnáisiúnta níos casta, teastaíonn tuiscint chuimsitheach ar an gcaoi a léirítear gníomhaíocht idirnáisiúnta i dtíortha éagsúla, agus i bhfoirmeacha ealaíne agus réimsí cleachtas ealaíon éagsúla. Tá sraith eile castachta agus dúshláin i gceist le druidim an Bhreatimeachta, ach d'fhéadfadh sé deiseanna a chur ar fáil i réimse na n-ealaíon idirnáisiúnta freisin.

Agus tosaíochtaí á gcur in iúl faoin mBeartas maidir leis na hEalaíona Idirnáisiúnta, aithnítear nach féidir féachaint ar chleachtas agus saothar ealaíontóra mar 'náisiúnta' nó 'idirnáisiúnta', mar go gcuireann an dá ghné lena chéile agus go bhfuil siad idirnasctha. Mar aon leis sin, tá tionchar ag a bhfoirm ealaín ar leith nó a réimsí cleachtas ealaíne ar riachtanais aonair ealaíontóirí chun a gcleachtas a fhorbairt agus síneadh a saothair go hidirnáisiúnta a mhéadú. Mar

ghníomhaireacht shaineolach, tá deis ar leith ag an gComhairle Ealaíon tacú le riachtanais forbartha ealaíontóirí atá ag obair i gcomhthéacs idirnáisiúnta agus chun cur le cumas san earnáil.

An Cleachtas Ealaíon Idirnáisiúnta a Fhorbairt

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go dteastaíonn cur chuige straitéiseach, fadtéarmach ó na healaíontóirí agus na heagraíochtaí sin atá ag feidhmiú ar leibhéal idirnáisiúnta i leith comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus deiseanna a threisiú, ionas go mbeidh an t-am agus na hacmhainní ag ealaíontóirí agus eagraíochtaí chun a gcleachtas idirnáisiúnta a fhorbairt go straitéiseach. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh tacaíocht don chleachtas ealaíon idirnáisiúnta leabaithe i gcláir maoinithe reatha na Comhairle Ealaíon ionas go mbeadh ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon in ann úsáid níos iomláine a bhaint as an gcleachtas idirnáisiúnta trína ngníomhaíochtaí.

Cé go bhfuil dúshláin roimh eagraíochtaí ealaíon na hÉireann i ndáil le bheith páirteach sa chlár, an Eoraip Chruthaitheach, aithníonn an Chomhairle Ealaíon go bhforbraítear cumas san earnáil agus go gcuirtear deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí nuair a chumasaítear na heagraíochtaí sin chun Tionscadail na hEorpa Cruthaithí a stiúradh agus páirt a ghlacadh iontu.

I réimse na dtacaíochtaí maoinithe, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon an méid seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Deiseanna le tacú le healaíontóirí agus eagraíochtaí chun forbairt straitéiseach ar a gcleachtas idirnáisiúnta a fhiosrú – e.g. trí dheiseanna maoinithe ilbhliantúla.
- Tacaíocht don chleachtas idirnáisiúnta a leabú i gcláir maoinithe éagsúla na Comhairle Ealaíon. Chuige sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon athbhreithniú freisin ar an Dámhachtain Taistil & Oiliúna lena chinntiú go bhfreagraíonn an dámhachtain seo, nó leagan nua de, ar riachtanais éagsúla na n-ealaíontóirí i ngach foirm ealaíne agus i ngach réimse cleachtais ealaíon.
- Tacaíochtaí forbartha féideartha a fhiosrú le cur ar chumas eagraíochtaí iarratais tionscadail a cheapadh i gcomhair an chláir, an Eoraip Chruthaitheach.

Trína cláir Maoiniú Straitéiseach agus Maoiniú Deontais do na hEalaíona, cothaíonn an Chomhairle Ealaíon cleachtas idirnáisiúnta trí thacú le heagraíochtaí a bhfuil gné idirnáisiúnta lena gcuid saothair. Tá soláthar tacaíochtaí struchtúracha d'ealaíontóirí a bhfuil iarracht á déanamh acu a gcleachtas a fhorbairt agus a saothar a chur chun cinn go hidirnáisiúnta ríthábhachtach chun tuilleadh ealaíontóirí a chumasú le hoibriú go héifeachtach i gcomhthéacs idirnáisiúnta.

Tá éiceolaíocht na n-ealaíon idirnáisiúnta casta agus éagsúil de réir na foirme ealaíne agus réimse an chleachtais ealaíon. Caithfear tuiscint ar na healaíona idirnáisiúnta a leabú i ngach foirm ealaíne agus cleachtas ealaíon laistigh den Chomhairle Ealaíon. Cé go n-aithníonn an Chomhairle Ealaíon nach bhfuil aon chuntas soiléir nó iomlán go minic idir ealaín a fhorbairt agus a chur i láthair, níl mórán tacaíochta ann faoi láthair do scaipeadh idirnáisiúnta saothair

taobh amuigh den mhúnla cur i láthair. Tá deiseanna níos mó agus breisithe d'ealaíontóirí i ngach disciplín ag teastáil chun raon a gcleachtais i gcomhthéacs idirnáisiúnta a fhorbairt agus a shíneadh.

I réimse na dtacaíochtaí struchtúrtha, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon an méid seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Bealaí a cheapadh chun eagraíochtaí acmhainne a dhreasú chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chleachtas ealaíontóirí agus a saothar a chur chun cinn – e.g. i bhfoirm tacaíocht lóistíochta, teacht ar líonraí agus ar theagmhálacha, agus comhairle.
- Deiseanna a fhiosrú le tacú le gnéithe forbartha den scaipeadh idirnáisiúnta taobh amuigh den mhúnla cur i láthair.
- Cinntiú go dtacaítear le baill foirne na Comhairle Ealaíon chun a gcuid eolais agus tuisceana ar na healaíona idirnáisiúnta a fhorbairt, de réir mar is cuí dá bhfoirm ealaíne nó réimse cleachtas ealaíon.

Rannpháirtíocht an Phobail

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go bhfuil saothar idirnáisiúnta a chur i láthair lucht féachana in Éirinn ina chuid den chleachtas ealaíon idirnáisiúnta. Tugann sé seo níos mó deiseanna do lucht féachana na hÉireann i gcomhair rannpháirtíocht ríthábhachtach sna healaíona agus méadaítear deiseanna d'ealaíontóirí chun a saothar a chur ar ardán agus a bpróifíl a fhorbairt i gcomhthéacs idirnáisiúnta.

Agus tuilleadh tacaíochta á thabhairt do rannpháirtíocht an phobail, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon méid seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Modhanna a fhorbairt chun rannpháirtíocht ríthábhachtach sna healaíona a spreagadh agus tacú léi – e.g. trí chláir shaincheaptha a fhorbairt ina dtaispeántar cleachtas ealaíon idirnáisiúnta.
- Ár dtacaíocht don chleachtas ealaíon idirnáisiúnta a mhapáil in Éirinn chun tuiscint níos fearr a fháil ar an réimse agus an cineál oibre idirnáisiúnta atá ar fáil do lucht féachana na hÉireann, agus eolas níos doimhne ar an leibhéal ríthábhachtach rannpháirtíochta san obair seo.